

Lánchosc go dtí 7am Dé Céadaoin, 15 Meitheamh 2022



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021: AN COIMISINÉIR TEANGA

Méadú 20% ar ghearáin a cuireadh faoi bhráid an Choimisinéara Teanga in 2021. Bhain gach cúigiú gearán le heaspa seirbhísí i nGaeilge le linn na paidéime.

Dúirt an Coimisinéir Teanga Rónán Ó Domhnaill go raibh díomá mhór ar líon mór gearánaithe a rinne teagmháil lena Oifig anuraidh faoin imeallú rialta a rinneadh ar sheirbhísí stáit i nGaeilge le linn na paidéime. Bhain trian de ghearáin Covid-19 le heaspa seirbhísí idirghníomhacha a bheith ar fáil i gcéad teanga oifigiúil an Stáit, mar shampla, tástáil ISP nó coinne vacsaíne a chur in áirithe ar líne.

Dúirt an tUasal Ó Domhnaill: *“Fuarthas líon iomlán 123 ghearán i mbliana a bhain leis an éigeandáil sláinte. Ní fhéadfaí líon mór de na gearáin seo a fhiosrú de bharr easnaimh sa reachtaíocht a chinnteodh seirbhís shásúil trí mheán na Gaeilge. Léiriú arís eile is ea an scéal seo ar an tábhacht a bhaineann le tosach feidhme a thabhairt d’fhorálacha an Achta leasaithe nua a ritheadh i ndeireadh na bliana seo caite.”*

Dúirt Rónán Ó Domhnaill freisin: *“Tabharfaidh m’Oifig faoi mhórfheachtas faisnéise agus feasachta poiblí amach sa bhliain chun tábhacht fhorálacha nua an Achta a chur ar shúile an phobail agus comhlachtaí poiblí araon. Má dhéantar forálacha éagsúla an Achta nua a chur i bhfeidhm mar is cuí, beidh buntáiste ag an bpobal ar líon méadaithe seirbhísí a bheith ar fáil dóibh i nGaeilge seachas mar a bhí go dtí seo.”*

I measc phríomhfhorálacha an Achta nua, tá:

- Cuspóir go mbeadh 20% d’earcáithe nua sa tseirbhís poiblí agus sa Státseirbhís inniúil i nGaeilge faoin mbliain 2030.
- Foráil lena leagtar dualgas ar chomhlachtaí poiblí 20% dá bhfógraíocht bhliantúil a dhéanamh i nGaeilge.
- Foráil chun a chinntiú go bhfreagraítear cumarsáid a dhéantar le comhlacht poiblí ar na meáin shóisialta sa teanga chéanna.

Dírítear aird ar fheidhm faireacháin an Choimisinéara Teanga sa Tuarascáil Bhliantúil chomh maith agus an obair mhonatóireachta a cuireadh i gcrích le linn na bliana seo caite. Chuimsigh an clár faireacháin fiosruithe breise maidir le moltaí imscrúdaithe a rinneadh cheana ar chomhlachtaí poiblí amhail an Roinn Oideachais, an Foras Taighde ar Oideachas agus RTÉ. Beidh earraíocht á baint ag an gCoimisinéir Teanga in am trátha as feidhm úr san Acht leasaithe a chuirfidh ar a chumas faireachán a dhéanamh ar achtachán ar bith a bhaineann le húsáid na Gaeilge de bhreis ar fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla, mar atá faoi láthair.

Tugadh cúig imscrúdú fhoirmeálta chun críche in Oifig an Choimisinéara Teanga in 2021. Ba é fionnachtain imscrúdaithe amháin gur sháraigh Comhairle Contae na Mí Plean Forbartha Chontae na Mí toisc nár féachadh chuige go ndéanfaí cosaint ar oidhreacht theangeolaíoch na Gaeltachta nuair a bhí iarratais phleanála i Ráth Chairn á mbreithniú aici.

Bhain dhá imscrúdú eile le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin nár chinntigh go ndéanfaí oifigeach Gaeilge a cheapadh sa Chomhairle agus nár chinntigh go gcuirfí leagan Gaeilge ar fáil de nuachtlitir a bhí á scaipeadh ag an gComhairle sa cheantar.

Rinneadh líon iomlán de 727 ngearán leis an Oifig anuraidh – méadú 20% ar 2020. Gearánaithe a raibh cónaí orthu i mBaile Átha Cliath a rinne 27% de na gearáin agus gearánaithe de bhunadh na Gaeltachta a rinne 27% de na gearáin eile – méadú 4% ar 2020.

TUILLEADH EOLAIS:

Órla de Búrca, Bainisteoir Cumarsáide

Oifig an Choimisinéara Teanga

Teil: [\(091\) 504 006](tel:(091)504006)

Rphost: eolas@coimisineir.ie



@ceartateanga